Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14973/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0008(COD)**

**CODEC 1637**
**JAI 1410**
**DATAPROTECT 291**
**COPEN 455**
**FREMP 299**
**PE 123**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann lena hailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 13-16 Nollaig 2021) |

# I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad seo ar an gcéad léamh.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic an rapóirtéir, Jeroen LENAERS (PPE, NL), leasú comhréitigh (leasú 1) ar an togra thuasluaite le haghaidh Treorach thar ceann an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an suí iomlánach an 14 Nollaig 2021, ghlac sé an leasú comhréitigh (leasú 1) ar an togra thuasluaite le haghaidh Treorach.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[2].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D’fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[2] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail ‘▌’ a léirítear téacs a scriosadh.

## P9_TA(2021)0487

## Foirne comhpháirteacha um imscrúdú: ailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2021 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann lena ailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint (COM(2021)0020 – C9-0005/2021 – 2021/0008(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0020),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 16(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0005/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 17 Samhain 2021 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0236/2021),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P9_TC1-COD(2021)0008**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 14 Nollaig 2021 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2021/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann lena ailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

[3] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2021.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 62(6) de Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], tá an Coimisiún le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha dlí arna nglacadh ag an Aontas, seachas an Treoir sin, lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta ag na húdaráis inniúla chun na gcríoch a leagtar amach in Airteagal 1(1) den Treoir sin. Is é is cuspóir an athbhreithnithe sin measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis na gníomhartha dlí sin a ailíniú leis an Treoir sin agus chun na tograí is gá a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, chun ***iad*** a leasú ***d'fhonn*** cur chuige comhsheasmhach a áirithiú maidir le sonraí pearsanta a chosaint faoi raon feidhme na Treorach sin. De thoradh an athbhreithnithe sin, rinneadh Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle[5] a shainaithint mar cheann de na gníomhartha dlí atá le leasú.

**4** Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

**5** Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le foirne comhpháirteacha um imscrúdú (IO L 162, 20.6.2002, lch. 1).

(2) ***Is é atá i gceist le próiseáil sonraí pearsanta faoi Chinneadh Réime 2002/465/CBG faisnéis ábhartha a phróiseáil, a mhalartú agus a úsáid ina dhiaidh sin chun na gcríoch a leagtar amach in Airteagal 82 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar mhaithe le*** comhsheasmhacht agus cosaint éifeachtach sonraí pearsanta, ba cheart Treoir (AE) 2016/680 a chomhlíonadh le próiseáil sonraí pearsanta faoi Chinneadh Réime 2002/465/CGB. ***Ba cheart é a bheith indéanta sonraí pearsanta atá san fhaisnéis a fhaigheann foireann chomhpháirteach um imscrúdú go dleathach a phróiseáil chun críoch eile seachas na críocha sin ar chucu a cuireadh an fhoireann ar bun, amhail nósanna imeachta coiriúla ina dhiaidh sin nó nósanna imeachta gaolmhara riaracháin nó sibhialta nó grinnscrúdú parlaiminteach, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i dTreoir (AE) 2016/680 agus ar an mbonn sin amháin. Níor cheart próiseáil sonraí pearsanta den sórt sin a dhéanamh ach amháin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i dTreoir (AE) 2016/680, lena n-áirítear go ndéanfar í i gcomhréir le dlí an Aontais nó dlí Ballstáit agus ba cheart an phróiseáil sin a bheith riachtanach agus comhréireach lena cuspóir.***

(3) I gcomhréir le ▌ hAirteagal ***6a*** de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus ***le*** CFAE, ***tá Éire faoi cheangal ag Cinneadh Réime 2002/465/CGB agus, dá bhrí sin, tá sí*** rannpháirteach i nglacadh na Treorach ▌ seo.

(4) I gcomhréir le ***hAirteagail*** 1***, 2 agus 2a*** de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

(5) ***Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] agus thug an Maoirseoir tuairim an 10 Márta 2021.***

(6) ***Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Réime 2002/465/CGB a leasú dá réir sin***,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

---

*6* ***Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).***

Airteagal 1

***Leasú ar Chinneadh Réime 2002/465/CGB***

***In Airteagal 1(10) de*** Chinneadh Réime 2002/465/CGB, ***cuirtear an fhomhír seo a leanas leis***:

▌

***'A mhéid atá sonraí pearsanta san áireamh san fhaisnéis a úsáidtear chun na gcríoch dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (b), (c) agus (d), ní dhéanfar í a phróiseáil ach amháin i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, agus go háirithe Airteagal 4(2) agus Airteagal 9(1) agus (3) de.***

---

****	Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).'.***

Airteagal 2

***Trasuí***

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin ... [ bliain amháin tar éis ***theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo***]. ***Cuirfidh*** siad an Coimisiún ***ar an eolas faoin méid sin láithreach***.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na ***bearta*** sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó ***beidh*** tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. ***Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar*** tagairtí den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs ▌ bhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

***Seolaithe***

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna déanamh in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*